


# Tuarascáil Bhliantúil 2019



Ag cur talamh stáit ar fáil do phobail nua

## Sa Tuarascáil Seo

### Athbheithniú Gnó

|   |    |
|---|----|
| Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 2  |
| An Bord Stiúrtha  | 4  |
| Ár Straitéis  | 6  |
| Ag cur le bunchlocha láidre                             | 8  |
| Ag cur le pobail nua                                    | 12 |
| Tionscadail/Scéimeanna 2019                             | 13 |
| Tionscnaimh Limistéir Straitéiseacha                    | 16 |

### Ráitis Airgeadais

|   |    |
|---|----|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta  | 17 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach                                | 22 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim Coimeádta | 27 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais                                    | 29 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid                                | 29 |
| Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais                            | 30 |

### Faisnéis Eile

|                      |    |
|----------------------|----|
| Faisnéis Ghinearálta | 39 |
|----------------------|----|



## Cé Muid Féin

**Tionscnamh ríthábhachtach Rialtais atá sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA), a bunaíodh i Meán Fómhair 2018, ar mhaithe lena chinntiú go ndéantar tithe a fhorbairt san áit agus nuair ba chóir go dtarlódh an obair sin, le príomhfhócas ar thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit.**

**Tá maoirseacht á dhéanamh ag bord stiúrtha neamhspleách ar an LDA agus tá an Rialtas tiomanta punann tosaigh láithreáin fhorbartha agus caipiteal de €1.25 billiún a chur ar fáil don LDA nuair a achtaítear ár reachtaíocht phríomha.**


## An méid atá idir lámha ag an LDA

Osclaíonn an LDA suas talamh atá faoi úinéireacht an Stát chun roghanna tithíochta a fheabhsú do dhaoine aonair agus do theaghlaigh. Cuirimid treallús freisin faoi fhorbairt dhlúth fadtéarmach sna cathracha trí straitéis fhíse agus seachadta a sholáthar do limistéir talún straitéiseacha ar mhórscaála.

Bainfimid amach é sin trí:



Oibriú le comhlachtaí Stáit agus le húdaráis áitiúla le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as talamh Stáit trí sholáthar inbhuanaithe agus seasmhach talún do thithíocht.



Láithreáin aonair a thabhairt le chéile le go leor limistéir straitéiseacha a fhorbairt inár gcathracha.



Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a chruthú le comhpháirtithe agus le daoine eile atá ag iarraidh tithe inbhuanaithe inacmhainne a chur ar fáil.



Bealaí nua a chruthú le tithe inacmhainne a sholáthar.



Cabhrú lena chinntiú go leanfaimid ag cur tithe ar fáil le linn amanna atá níos déine.



Tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin le tuilleadh faisnéise a fháil [www.lda.ie](http://www.lda.ie)



## Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

# Tús maith agus go leor eile le déanamh

Is tionscnamh Stáit rithábhachtach atá sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) nua-chruthaithe le treallús a chur faoi úsáid níos fearr a bhaint as talamh in Éirinn. Beidh an méid sin a dhéanamh go héifeachtúil thar a bheith tábhachtach maidir leis an mbealach ina mbeimid ag maireachtáil amach anseo, ar an mbealach ina mbeimid ag obair, ag taisteal, an úsáid a bhainimid as an am atá ar fáil dúinn agus ar an mbealach ina dtabharfaimid aghaidh ar shaincheisteanna ollmhóra maidir le hathrú aeráide.

Tá úsáid thairbheach bainte as na chéad cúig mhí dhéag (15) atá caite ar an bhfód ag an LDA. Tá:

- Foireann de suas le 35 comhalta foirne fostaithe againn lenár sainordú a sheachadadh sna blianta atá amach romhainn;
- Obair phleanála curtha chun cinn againn do níos mó ná 3,000 teach agus tá iarratais phleanála á gcur faoi bhráid i láthair na huaire;
- Comhpháirtíocht againn leis na húdaráis áitiúla chun cabhrú leo tionscadail tithíochta atá níos mó a chur ar fáil agus treallús a chur faoi fhíseanna do limistéir fhorbartha straitéiseacha ar mhórsála;
- Curtha go suntasach againn le réitigh forbartha chun maoiniú a sholáthar agus tithe inacmhainne a chur ar fáil, réitigh a mbainfimid úsáid astu ar ár láithreáin;
- Rannpháirtíocht chuimsitheach againn leis an Rialtas agus leis an gComhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil chun ár ndrúchtreachtaíocht a chur chun cinn tríd an bpróiseas reachtaíochta.

Tá na bunchlocha leagtha d'eagraíocht atá réidh chun glacadh lena sainordú reachtach ón Oireachtas agus chun tionchar dearfach suntasach a bheith aici ar sholáthar tithe in Éirinn atá inbhuanaithe agus cothrom.

Ar go leor bealaí, tá bunú an LDA níos ábhartha ná riamh i gcomhthéacs an damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh don gheilleagar agus don soláthar tithíochta mar gheall ar Covid-19. Ní raibh aon ghíaráil ar fáil ná indéanta le linn na ngéarchéimeanna roimhe seo a chuir as don Stát, sé sin an Ghéarchéim Airgeadais Dhomhanda, le cur chuige fadtéarmach a ghlacadh i leith feabhsúchán agus cumasú leanúnach talún, a bhí mar shrianta ollmhóra ó thaobh téarnaimh an mhargaidh tithíochta. Tá go leor difríochtaí idir an ghéarchéim seo agus an ghéarchéim deiridh a bhí againn, mar go bhfuil gníomhaireacht againn anois atá réidh le seasamh sa bhéarna agus feidhmiú ar bhealach fritimthriallach le hinfheistíocht leanúnach a spreagadh sa talamh agus i bhforbairt na talún agus le tithe nua a fhorbairt.

Tá baint mhór ag na dúshláin nua atá i ndán don tír seo agus atá i ndán don chuid eile den domhan lenár ndrúchtachraíteas straitéiseach, atá ullmhaithe agus a bheidh á fhoilsiú sa bhliain 2020 tar éis comhairliúchán leis an rialtas nua.

John Moran | Cathaoirleach



John Coleman | Príomhfheidhmeannach



Lena rá go simplí, tá sé mar straitéis ag an LDA cabhrú le go dtarlóidh forbairt tithíochta san áit gur chóir den fhorbairt sin tarlú agus cén uair agus cathain ar chóir den fhorbairt tarlú, ag teacht le cuspóirí fás dlútha na hÉireann. Áirítear ansin, sa ghearrthéarma agus sa meántéarma go fadtéarma araon.

Sa ghearrthéarma, ní mór dúinn tithe atá ag teastáil go géar a chur ar fáil. Tá gairmithe deartha ag obair againn ar naoi gcinn de láithreán agus d'fhéadfadh sé sin os cionn 3,000 teach a chur ar fáil. Déanfar ceadanna pleanáil a lóistear sa bhliain 2020, agus táimid ag cur próisis soláthar i dtoll a chéile cheana féin chun lucht tógála a chur ag obair ar na láithreáin seo. Cuirfidimid líon láithreáin bhreise atá faoi úinéireacht an Stáit ar fáil d'fhorbairt tithíochta ar feadh na bliana 2020.

Sa mheántéarma go fadtéarma, beidh fócas go príomha againn ar limistéir ar mhórsála a chur ar fáil laistigh de na príomhchathracha. Is limistéir lena mbaianeann tábhacht straitéiseach iad seo a bheidh in ann forbairtí d'úsáid mheasctha a chur ar fáil, lena n-áirítear, na céadta teach in aghaidh an limistéir. Ar shampla iontach de seo, tá Stáisiún Cholbaird, Luimneach, áit ina bhfuilimid ag cruthú creat spásúil d'achar 50 heicteár i lár na cathrach ag an bpríomhstáisiún traenach i gCathair Luimnigh. Is é ról an LDA an Stát agus úinéirí talún eile a thabhairt le chéile chun fis a chruthú don talamh, srianta fisiciúla agus sóisialta a aithint ar nós, riachtanais bhonneagair atá rithábhachtach, agus plean seachadta a chur le chéile leis an fhís a chur i bhfeidhm. Is sampla iontach atá i Stáisiún Cholbaird maidir leis an tionchar a bheidh ag an ngníomhaíocht seo. Tá limistéir straitéiseacha líonmhara den chineál céanna ann a bhfuilimid ag obair orthu a mbeidh teacht againn orthu inár bpríomhchathracha. Is é seo an bealach a gcuirfidh an LDA na céadta de mhílte teach ar fáil san áit a dteastaíonn na tithe sin sna blianta atá romhainn.

Go deimhin, tá forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom mar phríomhchuspóir ag an LDA. Déanfaimid acmhainní suntasacha a leithdháileadh sna míonna agus sna blianta atá amach romhainn chun maireachtáil inbhuanaithe den scoth agus moltaí oibre a chruthú inár gcathracha atá rithábhachtach le hinfheistíocht dhíreach eachtrach, fostaíocht agus an rathúnas atá tuillte ag gach saoránach a mhealladh.

D'éirigh sé níos deacra an rathúnas seo a bhaint amach le blianta beaga anuas mar gheall ar an gcostas ard a bhí ar thithe. Is í sin an chúis a bhfuil tithe atá inacmhainne a chruthú do dhaoine atá ag streachailt le praghsanna na hearnála príobháidí a íoc mar phríomhchuspóir eile ag an LDA. Táimid ag forbairt bealaí nua le tithe inacmhainne a chur ar fáil do dhaoine ar bhealach straitéiseach a bheifear in ann a sholáthar ar mhórsála ar deireadh thiar, agus úsáid á mbaint as samhlacha ar nós cíos de réir costais agus meicníochtaí ceannach inacmhainne ar thalamh ina bhféadfaimid rochtain a fháil air. Tá ár gcomhpháirtíocht

le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar shampla iontach de seo, áit a bhfuil sé comhaontaithe againn oibriú i gcomhar le chéile chun beagnach 600 teach sóisialta agus inacmhainne a sholáthar ag Seangánach, sa tSeanchill i gContae Bhaile Átha Cliath.

Tá curtha againn lenár n-ardán oibriúcháin ón tús chuig pointe ina mbeidh breis is 40 comhalta foirne againn i 2020. Cuimsíonn an bonn foirne atá ar ardchaighdeán, pleanálaithe, innealtóirí, gairmithe forbartha, bainisteoirí tionscadail, airgeadais agus gairmithe infheistíochta agus eacnamaithe. Tá creataí soláthair atá éifeachtúil cruthaithe againn chun cur chun cinn iarratais phleanála agus forbairt láithreáin a bhrostú. Táimid ullamh chun tabhairt faoina dúshlán shuntasacha atá amach romhainn.

Ag féachaint chun cinn, is bliain chinníunach atá sa bhliain 2020 don LDA. Tá achtú bun-reachtaíocht an LDA ar an ngné is tábhachtaí, a chiallóidh an maoiniú caipitil tosaigh don LDA. Ní mór go dtarlóidh sé seo ionas go mbeimid in ann ár sainordú a thug an tOireachtas dúinn a dheimhniú agus a chur i bhfeidhm.

Déanfaimid:

- An ráiteas straitéise a fhoilsiú tar éis comhairliúchán leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara eile;
- Ceadanna pleanála a bhaint amach ar láithreáin le tithe nua a thógáil;
- Láithreáin nua a chur lenár bpunann;
- Fórsa saothair atá éagsúil agus cuimsitheach a chur le chéile go leanúnach; agus
- Tacaíocht a thabhairt do bhealaí nua le tithíocht inacmhainne ar mhórsála a sholáthar, ag cur roghanna nua ar fáil dóibh siúd atá ag streachailt lena gcostais tithíochta i láthair na huair.

Ba mhór againn buíochas ó chroí a ghabháil leis na hAirí agus le hoifigigh a bhí agus atá sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus sa Roinn Airgeadais, sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus i Roinn an Taoisigh as a dtacaíocht leanúnach don Ghníomhaireacht.

Ar deireadh, is ionann agus tiomantas suntasach mór-ghníomhaireacht Stáit a chruthú agus déanann an LDA ionadaíocht ar chomhoibriú na bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear, an Rialtas, ranna rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus údarais áitiúla. Thar ceann an bhoird agus thar ceann bainistíocht an LDA, táimid thar a bheith buíoch díobh go léir.



**John Moran**  
Cathaoirleach



**John Coleman**  
Príomhfheidhmeannach

## An Bord Stiúrtha



### John Moran | Cathaoirleach

Tá John A Moran mar Chathaoirleach ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha Talún. Is é John bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin RHH International freisin. Is fearr an aithne atá ar John mar gheall ar a ról mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus mar dhlíodóir agus mar bhaincír bhí ról aige mar Stiúrthóir ar an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar Mhaoirseoir Baincáireachta le Banc Ceannais na hÉireann agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Zurich Bank agus sna Margaí Caipitil. Is céimí de chuid Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é John, áit a raibh sé i mbun staidéir ar an Dlí Sibhialta (BCL) agus tá máistreacht aige freisin sa dlí agus sa chánachas (LLM) ó Ollscoil Pennsylvania, Scoileanna Dlí/Wharton.



### John Coleman | Príomhfheidhmeannach

Tá John Coleman ina Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún ó bunaíodh an Ghníomhaireacht i mí Meán Fómhair 2018. Bhí ról shinsearacha ag John roimhe seo leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), bhí John i mbun oibre ar shocrú suas an rannáin Seachadta Cónaitheach agus bhí sé mar Phríomhoifigeach Airgeadais ar an rannán sin. Is céimí de chuid Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BComm) é John agus cuntasóir cairte (FCA). Sula ndeachaigh sé le NAMA sa bhliain 2011 bhí sé ag obair sa bhaincáireacht agus sa chuntasáíocht.



### Timothy Bouchier-Hayes | Comhalta Boird

Is dlíodóir é Timothy Bouchier-Hayes agus iar-chomhpháirtí i McCann FitzGerald Solicitors, áit a raibh sé i mbun stiúrtha ar Ghrúpa Dlí Foirgníochta an chomhlachta ar feadh chúig bliana déag (15). Tá sé mar Leaschathaoirleach ar Bhord Fhorbartha Ospidéal Náisiúnta na Leanáí agus mar chomhalta den Phainéal Breithiúnais a ceapadh de bhun fhorálacha an Achta um Chonarthaí Foirgníochta. Ó 2012 go 2018 bhí sé mar chomhalta na hÉireann ar an gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta atá lonnaithe i bPáras, cuid den Chomhlachas Tráchtála Idirnáisiúnta. Tá sé mar stiúrthóir comhlachta agus mar chomhairleoir do phríomhchomhlacht foirgníochta in Éirinn. Feidhmíonn Timothy mar Idirghabhálaí agus mar Comhréiteoir freisin.



### Clare Costello | Comhalta Boird

Is Príomhoifigeach sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í Clare Costello, áit a bhfuil sí freagrach ag leibhéal príomha as ábhair, lena n-áirítear, bainistíú caiteachas poiblí maidir le tithíocht, pleanáil agus rialtais áitiúil agus maidir le comhairle a thabhairt i réimsí beartais gaolmhara earnála.



### Michelle Norris | Comhalta Boird

Is Ollamh le Beartas Sóisialta i Scoil an Bheartais Shóisialaigh agus Ceartas Sóisialta i gColáiste na hOllscoile, Bailte Átha Cliath í Michelle Norris, áit a bhfuil sí i mbun teagaisc ar leasanna taighde a dhíríonn ar bheartas tithíochta, sóisialta agus athnuachan uirbeach. Tá sí ina Cathaoirleach ón mbliain 2012 ar an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, a bhailíonn airgead ar mhargaí idirnáisiúnta thar ceann údaráis áitiúla agus cumainn tithíocht chun tithe a sholáthar do theaghlaigh atá ar ioncam íseal.



### **John O'Connor** | Comhalta Boird

Tá John O'Connor ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht Tithíochta. Is gníomhaireacht rialtais atá i gceist anseo a thacaíonn agus a sholáthraíonn seirbhísí do, i measc grúpaí eile, údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ó thaobh tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil chomh maith le raon seirbhísí eile. Bhí John ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin roimhe seo ar an gComhpháirtíocht Tithíochta Inacmhainne agus mar Bhainisteoir Feidhmiúcháin i Rannóg Thithíochta agus Pobail Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is innealtóir struchtúr é John le raon leathan taithí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Tá taithí leathan aige i bhforbairt, soláthair agus seachadadh díreach tithíochta, go háirithe sna réimsí tithíocht shóisialta, tithíocht inacmhainne agus tionscadail athghiniúna.



### **Michael Stone** | Comhalta Boird

Is é Michael Stone Príomhfheidhmeannach an Designer Group, gnólacht conraitheoireachta innealtóireachta a bhunaigh sé sa bhliain 1992 le hoifigí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, san Afraic agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is Iar-Uachtarán é Michael ar Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF). D'oibrigh sé leis an BSL níos túisce ina shaol gairme. Tá sé ina Chathaoirleach i láthair na huaire ar Bhord Feidhmithe Chlár Athghiniúna Lár na Cathrach Thoir Thuaidh.



### **Caroline Timmons** | Comhalta Boird

Is Príomhoifigeach í Caroline Timmons sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá freagrachtaí uirthi ó thaobh beartas tithíochta, lena n-áirítear, an córas tithíocht sóisialta. Oibríonn sí lena chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí tithíochta cuí acu sin is mó a dteastaíonn tacaíocht uathu. Bhí Caroline ag obair roimhe seo i Rannán Pleanála na Roinne. Is abhcóide í Caroline agus bhí sí i mbun a ceirde ar feadh roinnt blianta sula ndeachaigh sí le hOifig an Ard-Aighne mar Chomhairleoir Comhairleach agus bhí sí ag obair mar comhairleoir dlí ina dhiaidh sin sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.



### **Conn Murray** | Comhalta Boird

Bhí Conn Murray mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dtí mí Lúnasa 2019, sular cónascadh na comhairlí sa bhliain 2014. Roimhe sin, bhí sé ina bhainisteoir ar an dá chomhairle ón mbliain 2012 go 2014. Is iar-chomhalta boird de chuid an PRTB, é Conn, an Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe, agus i láthair na huaire tá Conn mar chomhalta de Bhord Gobharnóirí Choláiste Mhuire gan Smál. Bhí Conn ag feidhmiú mar chomhalta agus mar iar-chathaoirleach ar Chumann Comhairle Contae is Cathrach (CCMA) ar feadh tréimhse breis is fiche bhliain agus bhí sé mar chathaoirleach freisin ar Choiste Tithíochta an CCMA faoi dhó ar feadh tréimhse 8 mbliana. Faoi láthair tá Conn ina chathaoirleach ar Limerick Twenty Thirty agus BDO Ireland Public Service Practice araon.



## Ár Straitéis

# Creat Straitéiseach a dhéanann ár gcuspóir a sheachadadh

Tá sé mar chuspóir ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún go dtarlóidh forbairt dhlúth inbhuanaithe san áit agus nuair is cóir don fhorbairt sin tarlú trí chomhordú a dhéanamh ar thalamh Stáit agus ar thalamh eile ar mhaithe le forbairt, ag díriú ar thithe tionachta measctha agus inacmhainne a sholáthar.

Deimhneoidh an Rialtas ár Straitéis agus an sainordú atá tugtha dúinn ag an Oireachtas nuair a achtaítear an reachtaíocht. Mar sin féin, nílimid ag cur am ar bith amú ó thaobh treallús a chur faoi réitigh ó thaobh na ndúshlán soiléir atá i ndán do sholáthar tithe in Éirinn.

Is í sin an chúis go bhfuilimid ag díriú ár ngníomhaíocht de réir na chúig philéar eatramhacha straitéiseacha:

### 1. Talamh Stáit a ghníomhachtú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe




Tá sé mar chroíchuspóir ag an LDA an áit ina bhféadfaí talamh Stáit a úsáid le haghaidh tithíocht atá ag teastáil go géar lena fhorbairt sa ghearrthéarma, a aithint go réamhghníomhach, agus le limistéir athghiniúna ar mhórsála a ghníomhachtú agus a dhaingniú san fhadtéarma.

Bainfidh an LDA úsáid as cur chuige cuimsitheach, trédhearcach agus spriocdhírithé i dtús báire chun talamh a aithint atá oiriúnach do na cuspóirí seo ar bhealach atá comhoibríoch ach atá fós réamhghníomhach.

Ciallaíonn sé seo oibriú le húinéirí talún Stáit, leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha eile le soláthar talún a bhfuil sé éasca a theacht air agus atá intuartha agus seasmhach a chruthú do thithíocht sóisialta, inacmhainne agus do thionacht measctha

Ní mór dúinn é sin a dhéanamh ar bhealach a théann i ngleic le hathrú aeráide trí mhodhanna forbartha inbhuanaithe a spreagadh.

### 2. Athghiniúint ar mhórsála a chatalú



Níl an talamh go léir óna dteastaíonn athghiniúint a dhéanamh air chun freastal ar na spriocanna maidir le fás dlúth faoi úinéireacht an Stáit. Tá deiseanna móra forbartha ar fud il-úinéireacht talún, lena n-áirítear, talamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí Stáit is féidir a ghníomhachtú lena fhorbairt dá mba rud é go raibh comhordú déanta air ag gníomhaí Stáit ar bhealach stuama.

Cinnteoídh spreagadh cultúr comhoibrithé comhordú éifeachtach na dtailte seo. D'fhéadfaí glacadh in Éirinn le gnéithe de na hiarrachtaí rathúla san Eoraip le hathghiniúint a dhéanamh ar limistéir ar mhórsála. Tugann a sainordú an seasamh don LDA le díriú ar limistéir straitéiseacha ar mhórsála san fhadtéarma laistigh dár gcathracha chun comhordú a dhéanamh ar fhorbairt, beag beann ar cé aige a bhfuil úinéireacht ina leith.

Beidh ar chumas an LDA dul níos faide ná scéimeanna pleanála chuig ról cumhachtach cur chun feidhme mar bhainisteoir gníomhach talún leis an comhoibriú ina croílár.



### 3. Torthaí a bhaint amach trí chomhoibriú



Aithníonn agus tá meas ag an LDA ar ról ríthábhachtach atá á imirt ag eagraíochtaí eile i gcumasú talún, sa phróiseas pleanála agus i seachadadh tithíochta. Tá Údarás Áitiúla, an rialtas/ranna rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit eile lárnach i measc na n-eagraíochtaí seo, chomh maith leis na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus soláthróirí eile tithe cónaithe.

Déanfaidh an LDA iarracht le gearáil, cumasú agus éascú a dhéanamh ar na heagraíochtaí seo. Déanfaidh an LDA iarracht cur lena dtionchar seachas tionchar a cur as do thionchar. Is trí chomhoibriú ar bhealach oscailte agus rannpháirteach a chuirfidh an LDA leis an tionchar is fearr is féidir ar an soláthar tithe cónaithe in Éirinn.

### 4. Treallús a chur faoi shamhlacha maidir le tithíocht inbhuanaithe



Tá leathnú cuimsitheach tagtha ar an mbearna idir inacmhainneacht tithíochta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach le deich mbliana anuas. Tá gá in Éirinn le hearnáil tithíochta atá inacmhainne agus tá sé curtha de chúram ar an LDA tithíocht inacmhainne a chur ar fáil ar thailte poiblí.

Dá réir sin, tá seasamh maith ag an LDA le ról ollmhór a imirt i bhforbairt agus i seachadadh samhlacha nua ó thaobh tithíocht inbhuanaithe a thacóidh go mór le pobail tionachta measctha.

Bainfidh an LDA úsáid as an talamh agus as an gcaipiteal atá ar fáil di le tithíocht a sheachadadh a thacaíonn le roghanna nua tithíochta atá inacmhainne do dhaoine aonair agus do theaghlaigh, lena n-áirítear, costas/cíos inacmhainne agus ceannach inacmhainne.

### 5. Soláthar leanúnach agus seasmhach tithíochta



Bhí éifeacht ag Géarchéim Airgeadais Domhanda na bliana 2008 agus ag an gcúlú sa gheilleagar mar thoradh air sin, ó thaobh laghdú thar na bearta a dhéanamh ar an soláthar tithíochta agus ar chumasú talún in Éirinn ar feadh líon blianta. Bhí tionchar an-mhór aige seo ar ghanntanas ó thaobh soláthar agus ar inacmhainneacht tithíochta agus tá sé sin fíor go dtí an lá atá inniu againn.

Tá seasamh maith ag an LDA, trína caipitliú, trína rochtain chuig talamh agus trína hardán atá ag dul i méid, chun leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tithíochta trí ghéarchéimeanna geilleagracha. Tá an LDA in ann seasamh isteach lena chinntiú go dtarlaíonn an fhorbairt san áit ina dteastaíonn an fhorbairt sa ghearrthéarma.

Trína bheith gníomhach agus daoine eile ag streachailt leis, beidh an LDA in ann a bheith mar uirlis fritimthriallach don Stát lena húsáid chun seachadadh leanúnach tithe cónaithe a chinntiú.



## Ag cur le bunchlocha láidre

# Mór-thionchar chun maitheasa do mhargadh tithíochta na hÉireann.

Tá tús maith curtha ag an LDA lena cuid oibre. In ainneoin nach bhfuil an reachtaíocht achtaithe fós, tá ardán ar ardchaighdeán curtha le chéile againn sa tamall gearr ó bunaíodh an Ghníomhaireacht i mí Meán Fómhair, 2018, ina gcuimsítear bord stiúrtha ardoilte, saineolas laistigh den fhoireann foirne atá ag dul i méid agus leibhéal gníomhaíochta a chiallaíonn go bhfuil mór-thionchar chun maitheasa ag an LDA atá ag dul chun leasa do mhargadh tithíochta na hÉireann.

Tá breac-chuntas tugtha thíos ar roinnt den dul chun cinn:



### Seoladh an LDA

Thacaigh Líon Airí agus an Taoiseach lenár seoladh i Meán Fómhair 2018, inar leagadh amach uailmhian shuntasach don LDA.



### Punann talún tosaigh an LDA

Tá seacht gcinn de láithreáin aimsithe ag an LDA trí chinneadh rialtais, a chuirfidh níos mó ná 3,000 teach cónaithe ar fáil.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn ó thaobh iarratais deartha agus pleanála do na láithreáin agus lóisteálfar na hiarratais phleanála sa chóras pleanála sa bhliain 2020. Féach an chéad roinn eile le tuilleadh faisnéise a fháil maidir lenár dtionscadal.





## Painéil d'fhoirne ailtirí agus deartha atá ardoilte

Tá iarracht mhór déanta againn ó thaobh creat-phainéal a chur le chéile d'fhoirne deartha ardoilte ionas gur féidir linn thabhairt faoi obair phleanála agus deartha ar na láithreáin a bhfuil rochtain againn orthu. Seachnaíonn sé seo moill fhada ó thaobh ceapacháin a dhéanamh ar bhonn aon uaire.



## Comhpháirtíochtaí le hÚdarás Áitiúla

Is iad na hÚdarás Áitiúla comhpháirtithe agus cumasóirí tábhachtacha an LDA. Is é sin an fáth go ndeachtaíomar i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Dún Laoghaire-Ráth an Dúin le suas le 600 teach cónaithe sóisialta agus inacmhainne a sholáthar sa tSeanchill, Contae Bhaile Átha Cliath. Chuamar i gcomhpháirtíocht freisin le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun treallús a chur faoi mhór-limistéir straitéiseach i gcroílár na gcathracha sin. Déanfaimid comhpháirtíochtaí breise a fhógairt leis na hÚdarás Áitiúla sa bhliain 2020.



## Ag oscailt suas limistéir straitéiseacha ollmhóra inár gcathracha trí Athbheithnithe Deartha an RIAI

Is bealach iontach atá sna athbheithnithe deartha le smaointe agus físeanna a chruthú chun seachadadh deiseanna ollmhóra forbartha a leagan amach dár gcathracha. Eagraítear painéil a chuimsíonn ailtire oilte i gcomhar leis an RIAI le bealach a chur ar fáil chun dul i gcomhairle agus chun déileáil le pobail maidir leis an mbealach chun cinn do na forbairtí seo a chiallóidh athrú ó bhonn agus iad críochnaithe.

Tá péire de na próisis seo reáchtáilte againn do limistéir mhóra thart ar Stáisiún Cholbaird i Luimneach agus do Bhóthar an Ghainimh i nGaillimh a mbeidh na mílte teach nua mar thoradh orthu. Bhí comhlachtaí deartha ar nós Grafton Architects, Scott Tallon Walker agus Metropolitan Workshops rannpháirteach inár bpróisis athbheithnithe deartha, rud atá léirithe i gcaighdeán an aschuir.











## Ag gníomhú ar ár gcúram ar fud na tíre

Tá an LDA ag tacú le beartas na hÉireann, sé sin gníomhaíochtaí ó Bhaile Átha Cliath a thabhairt chomh fada le cathracha réigiúnacha eile ar fud na hÉireann ar mhaithe le cothromaíocht a bhaint amach. Táimid ag gabháil go gníomhach de gníomhaíochtaí i gcathracha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath trínár bpróisis forbartha ginearálta gnó, chomh maith le tionscnaimh straitéiseacha.

Tá nós bunaithe ag an LDA le cruinnithe boird a thabhairt chomh fada le príomhchathracha eile ar fud na tíre. Mar shampla, i mí Deireadh Fómhair 2019, bhí ár gcruinniú boird againn i Luimneach chomh maith le himeacht rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara a chuimsigh grúpaí pobail áitiúla agus daoine eile ar spéis leo fás agus forbairt Chathair Luimnigh a chur chun cinn.

Beidh a gcéad cruinniú boird eile ag an LDA lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus beidh an cruinniú sin ar siúil i gCorcaigh agus tabharfar cruinnithe chomh fada le cathracha eile nuair a cheadóidh srianta sláinte phoiblí a leithéid.



## Ag tacú leis an bpróiseas reachtaíochta

Bhí feidhmeannaigh an LDA i dteagmháil le Comhchoiste an Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil agus le páirtithe polaitíochta agus le polaiteoirí éagsúla ar mhaithe le faisnéis a chur ar fáil dóibh agus iad a thabhairt cothrom le dáta maidir le straitéis agus le treo an LDA ar bhealach trédhearcach agus oscailte ionas go mbeadh tuairim iomlán acu agus iad ag cur sainordú an LDA tríd an bpróiseas reachtaíochta.



**Tithe an Oireachtais**  
**Houses of the Oireachtas**



## Ag bunú pobail nua

**Ag cur treallús faoi thionscadail a mbeidh na mílte teach cónaithe mar thoradh orthu do na tionachtaí go léir, lena n-áirítear, tithíocht shóisialta agus inacmhainne**

### SCÉIM

### TITHE

|          |  |                  |
|----------|--|------------------|
| <b>A</b> | An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Dún Droma, Baile Átha Cliath | <b>1,200</b>     |
| <b>B</b> | Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Baile Átha Cliath           | <b>800-1,000</b> |
| <b>C</b> | Seangánach, an tSeanchill, Baile Átha Cliath                     | <b>600</b>       |
| <b>D</b> | Bóthar na Díge, Gaillimh   | <b>250</b>       |
| <b>E</b> | Beairic Uí Dhubhuí, an Nás, Cill Dara                            | <b>250</b>       |
| <b>F</b> | Baile an Haicéadaigh, na Sceirí                                  | <b>250</b>       |
| <b>G</b> | Ospidéal Naomh Caoimhín, Corcaigh                                | <b>150-200</b>   |
| <b>H</b> | Ospidéal na Mí, Baile Átha Cliath                                | <b>100</b>       |
| <b>I</b> | Columb Barracks, Mullingar                                       | <b>100</b>       |
| <b>J</b> | Bóthar an Ghainimh, Gaillimh                                     | <b>TBC</b>       |
| <b>K</b> | Stáisiún Cholbaird, Luimneach                                    | <b>TBC</b>       |



## Tionscadail/Scéimeanna 2019

>  
Heicteár  
**60**

### Seangánach an tSeanchill, Co. Bhaile Átha Cliath

Cuirfidh Forbairt Chónaitheach Caisleán Sheangánaí thart ar 597 teach cónaithe ar fáil ó stiúideonna go tithe le ceithre sheomra codlata, agus is árasáin a bhformhór sin. Áireoidh an fhorbairt seo, ar díol suntais í, crèche pobail, limistéir shúgartha lasmuigh; spásanna lánmacha suntasacha taitneamhachta, lena n-áirítear, cearnóg agus carrchlós nua. Tá an láithreán in úinéireacht Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus táthar ag tabhairt faoin tionscadal i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle.



Teach Cónaithe  
**597**







## Ospidéal Naomh Caoimhín

### Corcaigh

Tá níos mó ná 250 teach cónaithe san fhorbairt bheartaithe seo a chuireann tithíocht sóisialta, inacmhainne agus príobháideach ar fáil ar líon láithreán, tithe cathracha, tithe leathscóite, árasáin gan ardaitheoir agus árasáin athchóirithe i sean-ospidéal Naomh Caoimhín, iar-fhoirgneamh meabhairshláinte Victeoiriach ina measc.

Clúdaíonn an fhorbairt láithreán atá thart ar 5.7-heicteár (14 acra), agus buntáiste le baint as an topagrafaíocht atá claonta go géar le radharc ar an Laoi agus ar Chathair Chorcaí.

Cuimseoidh an fhorbairt nuair a bheidh sí críochnaithe tithe cathracha le trí go ceithre sheomra codlata, árasáin gan ardaitheoir dhá sheomra codlata agus a ndoras féin ag gach aon cheann acu. Tá árasáin sa togra forbartha freisin le rochtain dhíreach chun na sráide agus árasáin in ospidéal athchóirithe Naomh Caoimhín.

## An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar

### Dún Droma, Baile Átha Cliath

Is díol suntais é iar-láithreán an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar Dhún Droma (CMH) a chuireann deis ar fáil le haghaidh forbairt chónaitheach shuntasach agus athúsáid príomh-struchtúir stairiúla le pobal inbhuanaithe lánpháirtithe dlúth a fhorbairt i nDún Droma.

Ciallaíonn láithreán an CMH deis uathúil freisin le pobal sainiúil, lánpháirtithe agus dlúth a chur ar fáil mar chearnóg nua do Dhún Droma. Tá úsáid á bhaint ag an HSE as an CMH i láthair na huair mar shaoráid meabhairshláinte infheidhme. Táthar ag súil go mbeidh an HSE ag fágáil saoráid an CMH sa bhliain 2021, thráth a n-aistrefoar na hothair agus an fhoireann chuig saoráid nua saintógtha i bPort Reachrann, Contae Bhaile Átha Cliath. Tar éis an athlonnaithe seo, beidh láithreán an CMH ar fáil le haghaidh pleananna a chur chun cinn le comharsanacht iomlán nua a chruthú.

Láithreán heicteár

5.7

Teach Cónaithe

274

Láithreán heicteár

11.3

Teach Cónaithe

1,200







## Beairic Uí Dhubhuí

### An Nás

Sa bhliain 2019, fuair agus cheap an LDA foireann deartha faoi stiúir ailtire chun an straitéis d'fhorbairt an láithreáin seo a chur chun cinn.

Cuireadh réamh-obair chun cinn le linn na coda deiridh den bhliain 2019 agus tá forbairt déanta ar mháistirphlean láithreáin a mheasfar a chuirfidh thart ar 200 teach ar ardchaighdeán agus a bheidh íseal ó thaobh cothabhála ar fáil. Díreoidh straitéis forbartha an LDA an mháistirphlean láithreáin ar sheachadadh a dhéanamh ar scéim a chuimseoidh thart ar 10% de thithíocht sóisialta agus 90% de thithíocht inacmhainne ar cíos de réir costais. Táthar ag súil go mbeidh seachadadh na scéime inbhuanaithe atá íseal ó thaobh fuinneamh ina mbeidh árasáin le trí sheomra codlata, tithe cathracha, tithe leathscoite, oiriúnach chun freastal ar riachtanais an phobail atá ag athrú san fhadtéarma. Freastalóidh an LDA agus sáróidh riachtanais dlúis láithreáin atá i lár an bhaile, agus ag an am céanna cuirfear freagra atá íogair ar fáil i leith comhéadan na dtithe atá mórthimpeall ar an láithreán cheana féin.

Teach Cónaithe

**344**

Tithe ar Cíos de réir Chostais

**90%**

## Baile an Haicéadaigh Na Sceirí

Tá an láithreán 7.30 heicteár seo suite ar an taobh theas de bhaile na Sceirí, thart ar 1.5km ó lár an bhaile i suíomh tuaithe den chuid is mó. Tá an teorainn thiar den láithreán ag síneadh le líne iarnróid Bhaile Átha Cliath/Bhéal Feirste agus tá rochtain réasúnach iompar poiblí chuig an láithreán, le formhór na dtailte suite laistigh d'achar 1km de stáisiún iarnróid Sceirí.

Cuimseoidh an fhorbairt thart ar 340 teach cónaithe agus saoráidí do crèche/taitneamhacht. Beidh thart ar 75% de láithreán tionacht mheasctha seo ar cíos de réir chostais agus cuirfear an chuid eile ar fáil do thithíocht shóisialta.



Láithreán Heicteár

**4**

Tithe Cónaithe

**210**



## Tionscnaimh Limistéir Straitéiseacha

### Stáisiún Cholbaird

#### Luimneach

Rinne an LDA i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le CIÉ agus leis an HSE coimisiúnú ar Athbhreithniú Deartha chun athfhorbairt a dhéanamh ar láithreán athfhorbraíochta 31 heicteár úsáid measctha ag Stáisiún Cholbaird, Luimneach. Bhí sé mar aidhm leis, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna forbartha an limistéir ríthábhachtach seo i gcroílár Chathair Luimnigh, go háirithe iniúchadh a dhéanamh ar thalamh athfhorbraíochta nach mbaintear mórán úsáide as agus an acmhainneacht d'fhorbairt uirbeach dlúth agus d'athghiniúint chun comharsanacht insiúlta a chur ar fáil a chuimseoidh tithe nua chomh maith le fostaíocht, iompar agus úsáidí do chaitheamh aimsire.



Láithreán Heicteár

31

Láithreán Heicteár

8



### Bóthar an Ghainimh

#### Gaillimh

Rinne an Ghníomhaireacht Forbartha Talún coimisiúnú ar Athbhreithniú Deartha do Bóthar an Ghainimh i gcomhair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le páirtithe leasmhara eile i mí na Nollag 2019 chun iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht ó thaobh athghiniúint a dhéanamh ar thrí dháileacht talún ar leithligh le hachar láithreán 8 heicteár timpeall ar Bóthar an Ghainimh agus Timpeallán na Seoigheach ar an imeall thoir de lár na cathrach i nGaillimh. Tá na dáileachtaí talún i gcomhúinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae na Gaillimhe, an BSL agus Galway Bay FM, agus i bpáirt-úsáid ag Bord na hÉireann um Oiliúint san Oideachas, agus mar sin tagann an láithreán laistigh de chúram an LDA tailte faoi úinéireacht an Stáit agus faoi úinéireacht phríobháideach a chur i dtoll a chéile agus iad a ullmhú d'athfhorbairt.



## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta

### Rialachas

Is í Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 352/2018-Ordú (Bunaithe) na Gníomhaireachta Forbartha Talún 2018 (an “tOrdú”) arna leasú ag Ordú na Gníomhaireachta Forbartha Talún (Leasú) 2018, I.R. Uimh. 603 de 2018, an doiciméad bunaithe don Ghníomhaireacht Forbartha Talún (“LDA” nó an “Gníomhaireacht”) a seoladh an 13 Meán Fómhair 2018. Tiocfaidh Bille an LDA, nuair a achtaítear é, in áit an Ordaithe. Leagtar amach in Alt 5 den Ordú na seirbhísí seo a leanas a bheidh le soláthar ag an LDA:

- Forbairt agus athghiniúint a dhéanamh ar thalamh agus ar mhaoin, lena n-áirítear struchtúir, chun críocha tithíocht a sheachadadh agus chun forbairt agus athghiniúint fisiciúil, sóisialta agus geilleagrach níos leithne a bhaint amach;
- Tacú le comhdhlúthú agus le hathsholáthar banc de thalamh is féidir a fhorbairt agus atá faoi úinéireacht phoiblí agus dlús a chur faoin úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as talamh den sórt sin;
- Meicníochtaí cuí agus struchtúir comhoibríocha a bhunú idir comhlachtaí poiblí agus príobháideacha chun príomh-láithreáin straitéiseacha atá in úinéireacht phoiblí a fhorbairt;
- Bhunachar sonraí de thailte poiblí a chruthú atá ábhartha d’fheidhmeanna na Gníomhaireachta;
- Seirbhísí measúnaithe máistir phleanála agus forbartha;
- Ceadanna forbartha do thailte ábhartha agus do thionscadail forbartha a dhaingniú;
- Soláthar a dhéanamh do riarachán teicniúil nó gníomhaíochtaí feidhmithe den sórt sin mar is gá; agus
- Soláthar a dhéanamh do sheirbhísí forbartha, tógála agus meastóireachta chun tithíocht agus tionscadail uirbeacha athghiniúna agus forbartha níos leithne a sheachadadh.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Déanann na comhaltaí Boird maoirseacht ar an LDA, leagan amach cuspóirí straitéiseacha agus cuireann faisnéis ar fáil do na cinntí straitéiseacha maidir leis na príomhshaincheisteanna gnó go léir. Tá bainistíocht laethúil, rialú agus treo an LDA mar fhreagracht ar fhoireann ardbhainistíochta na Gníomhaireachta.

### Freagrachtaí an Bhoird

Ceanglaítear ar an mBord agus na Ráitis Airgeadais atá thíos á n-ullmhú acu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfar ar aghaidh le feidhmiú; agus
- a rá cibé ar leanadh de chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna Ráitis Airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn ag aon uair, a staid airgeadais, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tOrdú. Is í an Ghníomhaireacht atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an LDA.

Tá freagracht ar an mBord as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil le linn na tréimhse. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Is é tuairim an Bhoird go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2019.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta (ar lean)

### Struchtúr an Bhoird

Le linn na bliana 2019, chuimsigh comhaltaí Boird na Gníomhaireachta, Cathaoirleach chomh maith le hochtar comhaltaí, agus is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a cheap iad go léir. Tháinig comhaltaí an Bhoird le chéile naoi n-uaire le linn na bliana 2019. Tugtar mionsonraí sa tábla thíos ar dhátaí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird         | Ról                       | Dáta Ceaptha   |
|------------------------|---------------------------|----------------|
| John Moran*            | Cathaoirleach (Eatramach) | 25 Eanáir 2019 |
| John Coleman*          | Príomhfheidhmeannach      | 25 Eanáir 2019 |
| Clare Costello         | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |
| Caroline Timmons       | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |
| John O'Connor          | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |
| Michael Stone          | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |
| Michelle Norris        | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |
| Timothy Bouchier-Hayes | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |
| Conn Murray            | Comhalta                  | 25 Eanáir 2019 |

\* Tá John Moran ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar bhonn eatramhach. D'fheidhmigh John Coleman mar Phríomhfheidhmeannach eatramhach don tréimhse ó 13 Meán Fómhair 2018–8 Deireadh Fómhair 2019 nuair a deimhníodh a cheapachán.

Tá líon fochoistí bunaithe ag an nGníomhaireacht chun déileáil le réimsí eile:

**1. An Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:** A chuimsíonn Conn Murray (Cathaoirleach), Clare Costello (Comhalta Boird), agus Tony O'Brien (Comhalta seachtrach). Is iad cuspóirí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Cuidiú leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeán agus ar shláine na Ráiteas Airgeadais agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchóireachta inmheánaigh agus na feidhme comhlíontaí, agus torthaí na n-iniúcháirí reachtúla a mheas; agus

- Cuidiú leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar chreat bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, lena n-áirítear:
  - Inghlacthacht riosca a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh rialachas riosca agus a chinntiú go n-aithnítear, go meastar, go ndéantar bainistíocht agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí;
  - Caighdeán a leagan síos do mhonatóireacht chruinn agus tráthúil nochtuithe móra agus na cineálacha riosca lena mbaineann tábhacht mhór; agus
  - Na próisis measúnaithe riosca foriomlán a chuireann faisnéis ar fáil do chinnteoireacht na Gníomhaireachta a choinneáil faoi athbhreithniú, ag cinntiú go mbaintear úsáid as meadaracht cáilíochtúil agus cainníochtúil araon.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar fheidhmeanna bainistíochta iniúchóireachta agus riosca inmheánach, atá á mbainistiú ar bhonn laethúil ag comhairleoirí seachtracha atá ceaptha go cuí agus ag an gCeann Airgeadais.

**2. An Coiste Infheistíochta:** a chuimsíonn Michael Stone (Cathaoirleach), John O'Connor (Comhalta Boird), John Coleman (Príomhfheidhmeannach) agus Barry O'Brien (Ceann Infheistíochta). Beidh 2 chomhalta seachtrach á gceapadh ag an gCoiste Infheistíochta sa bhliain 2020.

- Is é cuspóir an Choiste Infheistíochta cuidiú le agus comhairle a chur ar an mBord ó thaobh rialú agus bainistiú infheistíochtaí tráchtála na Gníomhaireachta, go sonrach:
  - comhairle a chur ar an nGníomhaireacht maidir lena straitéis infheistíochta tráchtála;
  - maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na straitéise infheistíochta tráchtála seo;
  - measúnú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta/forbartha aonair agus ar na meicníochtaí maoinithe lena seachadadh, lena fháil amach cé chomh maith is a théann siad in oiriúint do straitéis agus do Bheartas Infheistíochta na Gníomhaireachta;
  - tionscadail infheistíochta/forbartha a cheadú agus a gcuid meicníochtaí maoinithe agus/nó moltaí a chur os comhar an Bhoird maidir leis an méid thuas de réir leibhéil Údaráis Tarmiligthe; agus
  - ceannach agus díolachán beartaithe talún a cheadú agus/nó moltaí a chur os comhar an Bhoird maidir leis an méid thuas de réir leibhéil Údaráis Tarmiligthe.



**3. Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin:** A chuimsíonn Timothy Bouchier-Hayes (Cathaoirleach), Michelle Norris (Comhalta Boird) agus John Moran (Cathaoirleach an Bhoird). Is é cuspóir an Choiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin:

- Cuidiú leis an mBord ó thaobh a chinntiú go ndéanann an Bord agus an fhoireann bainistíochta, (“ExCo”) cothabháil ar struchtúir chuí, méid agus cothromaíocht scileanna chun tacú le cuspóirí agus luachanna straitéiseacha na Gníomhaireachta.
- Cuidiú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le cinneadh, cur chun feidhme agus maoirseacht socruithe luach saothair a chomhlíonadh chun earcaíocht, spreagadh agus coinneáil na foirne sinsearaigh feidhmiúcháin a chumasú; agus
- Maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe do cheapacháin sinsearaigh, pleanáil comharbais agus moltaí a chur os comhar an Bhoird maidir le beartais agus creat luach saothair don fhoireann go léir.

Níl an Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin freagrach as comhaltaí Boird a cheapadh, nó as ceapadh nó as luach saothair Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta.

### Príomhathruithe Pearsanra

Ceapadh John Coleman, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an 8 Deireadh Fómhair 2019.

Ceapadh Omar Bhamjee, Ceann Airgeadais an 4 Meitheamh 2019.

Ceapadh Barry O’ Brien, Ceann Infheistíochta an 1 Deireadh Fómhair 2019.

Ceapadh Phelim O’ Neill, Ceann Maoine an 8 Lúnasa 2019.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail ag cruinnithe Gníomhaireachta agus Coiste do 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear, na táillí agus na costais a fuair gach aon chomhalta:

|                            | Bord     | Coiste Iníúchta & Riosca | Coiste Luach Saothair & Ainmniúcháin | Coiste Infheistíochta | Táillí 2018-2019<br>€ | Costais 2018-2019<br>€ |
|----------------------------|----------|--------------------------|--------------------------------------|-----------------------|-----------------------|------------------------|
| <b>Líon Cruinnithe</b>     | <b>9</b> | <b>2</b>                 | <b>1</b>                             | <b>0</b>              |                       |                        |
| John Moran                 | 9        | n/a                      | 1                                    | n/a                   | 29,481                | -                      |
| John Coleman               | 9        | n/a                      | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
| Clare Costello             | 9        | 2                        | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
| Caroline Timmons           | 7        | n/a                      | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
| John O’Connor              | 8        | n/a                      | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
| Michael Stone              | 9        | n/a                      | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
| Michelle Norris            | 8        | n/a                      | 1                                    | n/a                   | -                     | -                      |
| Timothy Bouchier-Hayes     | 9        | n/a                      | 1                                    | n/a                   | 14,740                | -                      |
| Conn Murray                | 5        | 2                        | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
| Tony O’Brien (Neamh-Bhord) | n/a      | 1                        | n/a                                  | n/a                   | -                     | -                      |
|                            |          |                          |                                      |                       | <b>44,221</b>         | <b>-</b>               |

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta (ar lean)

### Nochtuithe a Éilítear faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Gníomhaireacht freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a rialú (“an Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas faoin gCód:

#### Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

| Raon sochair iomlána fostaithe<br>Ó Go dtí | Líon Fostaithe<br>2019 |
|--|------------------------|
| €60,000 - €69,999                          | 3                      |
| €70,000 - €79,999                          | 1                      |
| €80,000 - €89,999                          | 1                      |

Nóta: Chun críocha an nochtadh seo, áiríonn sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastail, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áiríonn siad ÁSPC fostóra.

Mar nár chuir an LDA tús le fostaithe a fhostú go dtí lár na bliana 2019, is ionann an briseadh síos thuas agus an raon íocaíochtaí tuarastail a rinneadh le fostaithe LDA a earcaíodh le linn na bliana 2019. Ní hionann é agus tuarastail faoi chonradh nó ní áiríonn sé costais maidir le fostaithe a fuarthas ar iasacht ón NTMA.

| Raon sochair iomlána fostaithe bunaithe ar chonarthaí (Tuarastail > €50,000)<br>Ó Go dtí | Líon Fostaithe<br>2019 |
|--|------------------------|
| €50,001 - €75,000  | 1                      |
| €75,001 - €100,000   | -                      |
| €100,001 - €125,000  | 4                      |
| €125,001 - €150,000  | 1                      |
| €150,001 - €175,000  | 2                      |
| €175,001 - €200,000  | 1                      |

Bhí deichniúr foirne ag an nGníomhaireacht amhail an 31 Nollaig 2019. Ba chóir a thabhairt ar aird gur chuir an Gníomhaireacht tús le hearcú a dhéanamh ar a ardán foirne leis na poist ba shinsearaigh, mar a léirítear sa tábla thuas. Níor cuireadh poist ó thaobh leibhéal láir agus sóisearach leis go dtí an bhliain 2020 go ginearálta. Tá an LDA ag cur go leanúnach le bonn foirne agus táthar ag

súil go mbeidh níos mó ná 40 comhalta foirne fostaithe faoi dheireadh na bliana 2020. Reáchtálann an Gníomhaireacht próisis fógraíochta iomaíochta oscailte do na ról san eagraíocht.

#### Costais Comhairleoireachta

Áirítear ar chostais comhairleoireachta, costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’ seachtracha.

|  | 2018-2019<br>€ |
|--|----------------|
| Comhairle Dlí  | 273,862        |
| Comhairle Corparáideach  | 332,100        |
| Costais iomlána Comhairleoireachta   | 605,962        |
| Costais Comhairleoireachta Chaipitlithe  | -              |
| Costais chomhairliúcháin a ghearrtar ar an Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta | 605,962        |
| <b>Iomlán</b>  | <b>605,962</b> |

Baineann na costais atá san áireamh thuas le dhá sheirbhís chomhairleoireachta a chur an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar fáil do chéim bunaithe an LDA.

#### Costais Dlí agus Socraíochtaí

Cuirtear briseadh síos ar fáil sa tábla thíos maidir leis na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Nochtar caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair an Gníomhaireacht san costais chomhairleoireachta thuas.

|                                       | 2018-2019<br>€ |
|---------------------------------------|----------------|
| Táillí dlí – Imeachtaí Dlí            | -              |
| Íocaíochtaí comhréitithe agus eadrána | -              |
| Socraíochtaí                          | -              |
| <b>Iomlán</b>                         | <b>-</b>       |

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá an caiteachas maidir le taisteal agus cothabháil rangaithe mar seo a leanas:

|               | 2018-2019<br>€ |
|---------------|----------------|
| Baile         |                |
| – Bord*       | 2,680          |
| – Fostaithe   | 6,549          |
| Idirnáisiúnta |                |
| – Bord*       | -              |
| – Fostaithe   | 261            |
| <b>Iomlán</b> | <b>9,490</b>   |

\* níor íocadh aon suimeanna maidir le taisteal agus cothabháil go díreach le Comhaltaí Boird in 2018/2019. Is ionann costais Boird agus caiteachas a bhaineann le cruinnithe Boird a éascú.

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Chúlchiste Ioncaim Coimeádta an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

|                    | 2018-2019<br>€ |
|--------------------|----------------|
| Fáilteachas Foirne | 780            |
| Failteachas Cliant | -              |
| <b>Iomlán</b>      | <b>780</b>     |

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá glactha ag an nGníomhaireacht leis an gCód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (arna leasú in 2016), (“an Cód”), agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh forálacha an Chóid a chinntiú. Bhí an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh an Chóid go hiomlán sa bhliain 2019.

## Cánachas

Dearbhaíonn an Ghníomhaireacht go bhfuil na dlíthe cánachais á gcomhlíonadh. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an Bord eiseamláireach ó thaobh a chuid oibleagáidí faoin dlí cánachais a chomhlíonadh agus go bhfuil a dhliteanais cánachais go léir íoctha aige ar na dátaí dlite nó roimhe.

## Saoráil faisnéise


Is eagraíocht forordaithe í an LDA faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (“FOI”). bunaítear trí cheart reachtúla de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis nó léi féin atá i seilbh comhlachtaí poiblí a leasú sa chás go mbíonn an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart dlíthiúil na cúiseanna a fháil amach a bhaineann le breitheanna arna nglacadh ag comhlacht poiblí a dhéanann difear di/dó féin.

Mar a leagtar amach in Alt 6(12) den FOI, níl an LDA, mar chomhlacht poiblí, faoi réir ag Saoráil Faisnéise go mbeidh uasmhéid de 6 mhí imithe ó dháta bunaithe an LDA. Mar gur bunaíodh an LDA an 13 Meán Fómhair 2018, níl an Ghníomhaireacht faoi cheangal go hoifigiúil ag FOI go dtí 13 Márta 2019. Fuaireamar sé iarratas faoi rialacháin Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2019. Ní raibh aon iarratas ann faoi Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaoil (AIE).

## An tAcht um Nochtuithe Cosanta, 2014

Ceanglaíonn an tAcht um Nochtuithe Cosanta, 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus cothabháil a dhéanamh orthu chun déileáil le nochtuithe cosanta agus faisnéis i scríbhinn a sholáthar d’fhostaithe maidir leis na nósanna imeachta seo. Tá na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht. Le linn na bliana 2019, ní dhearna aon fhostaí de chuid na Gníomhaireachta nochtuithe cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta.



**John Moran**  
Cathaoirleach



**John Coleman**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin

30 Meitheamh 2020

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

### Raon na Freagrachta

Mar Chathaoirleach, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Tá freagracht tarmilgthe ag an mBord don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun déileáil le saincheisteanna bainistíochta agus oibríochta agus chun tuairisciú don Bhord ar bhonn rialta.

### Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Níl ar chumas an chórais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### An Cumas le Riosca a Láimhsiú

Tá na céimeanna seo a leanas glacadh lena chinntiú go ndéantar riosca a bhainistiú go héifeachtach:

- Tá sceideal rialta cruinnithe ag Bord na Gníomhaireachta (6 chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana) áit a gcuirtear tuarascálacha cothrom le dáta rialta maidir le caiteachas ar fáil agus buiséid lena gcéadú agus le hathbhreithniú a dhéanamh orthu;
- Tá Coiste Iníúchoireachta agus Riosca buanaithe don Ghníomhaireacht. Tá Téarmaí Tagartha an Coiste Iníúchoireachta agus Riosca de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú (arna leasú in 2016) chun maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, iniúchtaí seachtracha agus inmheánacha, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha a thabhairt san áireamh; agus
- Déantar freagrachtaí bainistíochta a shannadh, le cuntasacht chomhfhreagrach.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próisis á mbunú ag an nGníomhaireacht le rioscaí airgeadais agus gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais agus na rioscaí gnó atá i ndán don Ghníomhaireacht a aithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta; agus
- Measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a rialú.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá an córas maidir le rialú inmheánach bunaithe ar chreat faisnéise rialta bainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear, deighilt dualgais, agus córas tarmilgthe agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- Córas buiséadach cuí le buiséad bliantúil chomh maith le tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú orthu ar bhonn rialta;
- Cruinnithe rialta na foirne ardbhainistíochta le fostaithe sinsearacha de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Rialtas Áitiúil agus comhaltaí an Choiste Iníúchoireachta agus Riosca, an Coiste Infheistíochta, an Coiste Luach Saothair agus an Bord; agus
- Tá seachfhoinsiú déanta ag an nGníomhaireacht ar an fheidhm iniúchoireachta inmheánaigh a thuairiscíonn do Choiste Iníúchoireachta agus Riosca na Gníomhaireachta. Feidhmíonn an fheidhm iniúchoireachta inmheánaigh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú. Cuireann obair an iniúchóra sheachtraigh agus an Choiste Iníúchoireachta agus Riosca faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtacht na gcóras rialuithe inmheánacha. Cuireadh na seirbhísí iniúchoireachta inmheánacha amach ar tairiscint sa bhliain 2019 agus bronnadh an conradh i mí na Nollag 2019. Cuireadh tús le hiniúchoireachta inmheánach sa bhliain 2020.

Tá meicníochtaí bunaithe le leordhóthanacht slándála na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) a chinntiú, a áiríonn beartais chuí agus nósanna imeachta rialaithe a bhunú.

### Soláthar

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (“LDA”) faoi réir Treoir AE 2014/24/AE arna fheidhmiú in Éirinn ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údarás Poiblí) 2016 (na ‘Rialacháin’), maidir le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí atá os cionn tairseacha áirithe luacha atá leagtha síos ag an AE.

D’eisigh Oifig um Soláthar Rialtais (OGP) Treoirlínte Soláthar Poiblí d’Earraí agus do Sheirbhísí ina dhiaidh sin (Leagan 2: a eisíodh i mí Eanáir 2019) a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm ní amháin os cionn na tairseacha AE atá luaite thuas ach freisin do luachanna atá faoi na tairseacha AE atá luaite roimhe seo.



Tugtar faoi cheanglais soláthair an LDA de réir na ndoiciméad atá luaithe roimh seo a chuimsíonn na dlíthe is infheidhme.

### Athbheithniú ar Éifeachtacht

Tá athbheithniú déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an Rialú Inmheánach lena chinntiú go léirítear an córas rialaithe atá i bhfeidhm go cruinn le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá an Ghníomhaireacht den tuairim gur féidir dearbhú réasúnach a chur ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánach atá bunaithe agus curtha i bhfeidhm don tréimhse airgeadais a tháinig chun críche an 31 Nollaig 2019.

### Saincheisteanna maidir le Rialúchán Inmheánach

Chuimsigh an LDA leibhéal ard trédhearcachta ar fud an phróisis soláthair agus baineann an Ghníomhaireacht úsáid as ríomhThairiscintí agus as Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach (OJEU) ag teacht leis na Rialacháin.

Aithníodh líon íseal ábhair le linn céim bhunaithe na Gníomhaireachta nach raibh ag comhlíonadh treoirlínte soláthair. Aithníodh in athbheithniú inmheánach maidir le soláthar laistigh den tréimhse airgeadais caiteachas de €84,598.80 (gan CBL san áireamh) nach raibh ag comhlíonadh na dtreoirlínte mar a thugtar ar aird thíos.

- Fuair an LDA seirbhísí comhairleacha maidir le soláthar i mí Eanáir 2019 ar shuim a bhí i gceist a bhí níos lú ná €25,000 trí phróiseas iomaíoch ag teacht leis na Rialacháin. Mar sin féin, mar thoradh ar cheanglais mhéadaithe le hearraí agus seirbhísí a sholáthar, aithníodh go sárófaí luach an chonartha. Chuaigh an Ghníomhaireacht ar aghaidh ina dhiaidh sin agus réachtáladh comórtas do Nós Imeachta Oscailte do sheirbhísí comhairleacha maidir le soláthar a fógraíodh ar ríomhThairiscintí agus san OJEU i mí Meán Fómhair 2019. Lean an LDA leis an soláthróir a bhí acu a úsáid ar mhaithe le haon mhoill a sheachaint maidir le dul chun cinn na Gníomhaireachta agus cuireadh na nósanna imeachta cearta i bhfeidhm i leith próisis soláthair eile, fad is a bhí an próiseas seo ar siúl ag an am céanna. Ní raibh luach an chaiteachais a raibh €27,836.80 ar an iomlán i gceist leis ag comhlíonadh na dtreoirlínte.
- Fuair an LDA seirbhísí innealtóireacht ó thiúr soláthróirí éagsúla sa bhliain 2019 ar níos lú ná €5,000 do gach aon seirbhís. Mar sin féin, nuair a thógtar an chosúlacht atá idir na seirbhísí a cuireadh ar fáil san áireamh, ar athbheithniú, rinne an LDA cinneadh gur chóir seirbhísí den chineál céanna a chur le chéile amach anseo agus tá seirbhísí innealtóireachta faighte ag an nGníomhaireacht anois trí chreat chomórtas d'fhoireann deartha a fógraíodh ar ríomhThairiscint agus san OJEU i mí Aibreán 2019. Níor chomhlíon luach an chaiteachais lena bhain €22,300 ar an iomlán ar sheirbhísí innealtóireachta na treoirlínte.
- Fuair an LDA seirbhísí comhairleacha maidir le planáil ó bheirt soláthróir ar shuim níos lú ná €5,000 do gach aon seirbhís. Mar sin féin, nuair a thógtar an chosúlacht atá idir na seirbhísí a cuireadh ar fáil san áireamh, ar athbheithniú, rinne an LDA cinneadh gur chóir seirbhísí den chineál céanna a chur le chéile amach anseo agus tá seirbhísí comhairleacha maidir le planáil faighte ag an nGníomhaireacht anois trí chreat chomórtas d'fhoireann deartha a fógraíodh ar ríomhThairiscint agus san OJEU i mí Aibreán 2019. B'ionann luach iomlán an chaiteachais ar na seirbhísí comhairleacha maidir le planáil agus €13,497 agus ní raibh siad ag comhlíonadh na dtreoirlínte.
- Fuair an LDA líon seirbhísí suirbhéireachta talún ar shuim níos lú ná €5,000 do gach aon seirbhís. Mar sin féin, nuair a thógtar an chosúlacht atá idir na seirbhísí a cuireadh ar fáil san áireamh, ar athbheithniú, rinne an LDA cinneadh gur chóir seirbhísí den chineál céanna a chur le chéile amach anseo agus tá seirbhísí suirbhéireachta talún faighte ag an nGníomhaireacht anois trí chreat chomórtas d'fhoireann deartha a fógraíodh ar ríomhThairiscint agus san OJEU i mí Aibreán 2019. B'ionann agus €13,965 luach iomlán an chaiteachais ar na seirbhísí suirbhéireachta talún agus ní raibh siad ag comhlíonadh na dtreoirlínte.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (ar lean)

- Fuair an LDA dhá sheirbhís dlí maidir le tógáil ar shuim níos lú ná €5,000 do gach aon seirbhís. Mar sin féin, nuair a thógtar an chosúlacht atá idir na seirbhísí a cuireadh ar fáil san áireamh, ar athbhreithniú rinne an LDA cinneadh gur chóir seirbhísí den chineál céanna a chur le chéile amach anseo agus tá seirbhísí dlí maidir le tógáil faighte ag an nGníomhaireacht anois trí chreat chomórtas d'fhoireann deartha a fógraíodh ar ríomhThairiscint agus san OJEU i mí na Bealtaine 2019.
- Fuair an LDA seirbhísí ailtireachta do staidéar féidearthachta le soláthróir amháin sa bhliain 2019 le luach níos lú ná €5,000. Mar sin féin, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na costais deiridh tugadh ar aird gur sháraigh na seirbhísí a cuireadh ar fáil an luach seo. B'ionann agus €3,000 luach an chaiteachais agus ní raibh na treoirlínte á gcomhlíonadh acu. Tá creat maidir le foireann deartha i bhfeidhm ag an LDA tar éis comórtas soláthair a fógraíodh ar ríomhThairiscintí agus san OJEU i mí Aibreán 2019.

Tugadh faoina céimeanna seo a leanas mar chuid de bhonneagar oibríochta an LDA a bhunú lena chinntiú go bhfuil treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach:

- Tá creataí sholáthair i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht anois do na seirbhísí móra go léir a theastaíonn. Cuirtear amach ar thairiscint oscailte na seirbhísí seo agus na Rialacháin á gcomhlíonadh go hiomlán. Tá seirbhísí á bhfáil as na creataí agus leanfar leis sin, dá réir sin, ní thiocfaidh na himthosca chun cinn arís a raibh neamhchomhlíonadh mar thoradh orthu nuair a bhí an LDA ag an gcéim bunaithe.
- Tá duine gairmiúil oilte fostaithe ag an nGníomhaireacht agus leanfar leis an fheidhm soláthar a leathnú ag teacht le hoibríochtaí tráchtála.
- Tugadh faoi oiliúint foirne chun feabhas a chur ar thuiscint agus ar fheasacht ar cheanglais soláthair. Leanfar leis seo ar bhonn leanúnach.
- Tá teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánaithe lárnach ó thaobh na gcéimeanna go léir sna próisis soláthair.

Cuirfear tús le athbhreithnithe ar rialuithe inmheánacha sa bhliain 2020.



**John Moran**  
Cathaoirleach

30 Meitheamh 2020

# Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách do Chomhaltaí na Gníomhaireachta Forbartha Talún

## Tuarascáil maidir leis an iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha Talún ('an Gníomhaireacht') don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019, ina gcuimsítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, Cúlchistí Ioncaim Coimeádta, Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear, achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Ullmhaidh an creat tuairiscithe airgeadais de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Tugann na ráitis airgeadais inár dtuairim:

- léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta amháil an 31 Nollaig 2019 agus ar an toradh ar an tréimhse a chríochnaigh ansin; agus
- go raibh siad ullmhaithe i gceart de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAanna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid ar Fhreagrachtaí an Iniúcháir maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ón nGníomhaireacht i gcomhréir leis na ceanglais eiteiciúla atá ábhartha lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an caighdeán eiteiciúil eitishe ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na hábhair seo a leanas a éilíonn an Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éire) orainn a thuairisciú duit, sa chás:

- nach bhfuil comhaltaí an bhoird ag baint úsáide as bunús cuntasóireachta don ghnóthas leantach ar bhealach cuí nuair atá siad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó
- níor nocht comhaltaí an bhoird aon éiginnteachtaí aitheanta ábhartha sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta maidir le bunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta lena n-údaraithear na ráitis airgeadais ionas go bhféadfaí iad a eisiúint.

## Faisnéis eile

Tá comhaltaí an bhoird freagrach as an eolas eile. Is éard atá san eolas eile ná eolas lena n-áirítear sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúcháir faoi. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air.

Maidir lenár n-iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais, tá sé d'fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó ár n-eolas a fuarthas san iniúcháireacht nó eolas atá míchruinn go hábhartha. Má aithnímid na neamhréireachtaí agus na míthuairiscí ábhartha sin, tá sé de cheangal orainn a chinntiú an bhfuil míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais nó an bhfuil míthuairisc ábhartha san eolas eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinnimid go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an eolas eile seo, caithimid an fhírisc sin a thuairisciú

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí na Gníomhaireachta Forbartha Talún (ar lean)

### Freagrachtaí faoi seach

#### Freagrachtaí comhaltaí an bhoird as na ráitis airgeadais

Tá comhaltaí an bhoird freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go gcuireann siad léargas iomlán agus cothrom ar fáil, agus tá siad freagrach as an smacht inmheánach a chinneann siad is gá chun a áirithiú go bhfuil ullmhúcháin na ráitis airgeadais saor ó mhíthuirisc ábhartha, mar gheall ar chialais nó ar earráid.

Trína ráitis airgeadais a ullmhú, tá comhaltaí an bhoird freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint mar ghnóthas leantach, tá siad freagrach as cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme, agus úsáid a bhaint as an mbunús gnóthais leantaigh cuntasáiochta seachas mura bhfuil sé ar intinn ag an mbainistíocht an ghníomhaireacht a leachtú nó stop a chur le gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha eile acu ach é sin a dhéanamh.

#### Freagrachtaí an Iniúchóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuirisc, mar gheall ar chialais nó ar earráid, agus tuarascáil an iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is leibhéal ard de dhearbhu é dearbhú réasúnta, ach níl aon ráthaíocht ann i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míthuirisc ábharach nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuiriscí teacht ó chialais nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha má, ina n-aonar nó trí chéile, is féidir leo tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise maidir lenár bhfreagrachtaí as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag: [http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description\\_of\\_auditors\\_responsibilities\\_for\\_audit.pdf](http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf). Tá an cur síos seo mar chuid de thuarascáil an iniúchóra.

### Cuspóir ár n-obair iniúchta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Is do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin ár dtuarascáil, mar chomhlacht. Tá ár n-obair iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na nithe is gá dúinn a dhearbhu do chomhaltaí na Gníomhaireachta a dhearbhu dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus gan cuspóir ar bith eile i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an Gníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá tugtha againn.



Michael Tuohy

Do agus thar ceann Mazars



Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta  
Reachtúla  
Ionad Fhearchair,  
Bloc 3,  
Bóthar Fhearchair,  
Baile Átha Cliath 2.

30 Meitheamh 2020

**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta**

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019

|                                    | Nótaí | Tréimhse ó<br>13.09.2018<br>go dtí<br>31.12.2019<br>€ |
|------------------------------------|-------|---|
| <b>Ioncam</b>                      |       |   |
| Deontais Oireachtais               | 3     | 2,771,637   |
| Ioncam Iomlán                      |       | 2,771,637   |
| <b>Caiteachas</b>                  |       |   |
| Costais Foirne                     | 4     | 652,304   |
| Cíos agus Muirir Seirbhíse         | 5     | 250,283   |
| Riarachán Oifige                   | 6     | 34,882  |
| Cumarsáid agus IT                  | 7     | 92,786  |
| Táillí Gairmiúla                   | 8     | 1,694,481   |
| Costais Boird                      | 9     | 46,901  |
| Caiteachas Iomlán                  |       | 2,771,637   |
| <b>Iarmhéid don tréimhse</b>       |       |   |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019 |       | -   |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas go léir le haghaidh na bliana le gníomhaíochtaí leanúnacha ar an dáta tuairiscithe.

Áirítear na gnóthachain agus na cailteanais go léir a aithnítear sa tréimhse sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus leis na Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Tá an Ráiteas ar Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**John Moran**  
Cathaoirleach



**John Coleman**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

30 Meitheamh 2020




## Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2019

|  | Nótaí | 31.12.2019<br>€ |
|--|-------|-----------------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>   |       |                 |
| Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh   | 10    | -               |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>   |       |                 |
| Infháltais   | 11    | 188,771         |
| Airgead sa Bhanc   |       | 281,409         |
| Ioncam Deontais Fabhráithe   | 3     | 110,514         |
|  |       | 580,694         |
| <b>Dlíteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin)</b> |       |                 |
| Iníocaíochtaí  | 12    | 580,694         |
| <b>Glan Sócmhainní Reatha</b>  |       |                 |
| Glan Sócmhainní Reatha   |       | -               |
| <b>Glan Sócmhainní</b>   |       |                 |
| Glan Sócmhainní  |       | -               |
| <b>A sheasann do</b>   |       |                 |
| Chúlchistí Ioncaim Coimeádta   |       | -               |
| Cuntas Caipitil  |       | -               |
|  |       | -               |

Tá an Ráiteas ar Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**John Moran**  
Cathaoirleach



**John Coleman**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

30 Meitheamh 2020

## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

Don Tréimhse dar Críoch an 31 Nollaig 2019

| Nótaí  | Tréimhse ó<br>13.09.2018<br>go dtí<br>31.12.2019 |
|--|--|
| <b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>      |  |
| Iarmhéid don tréimhse                                      | -  |
| Aistriú chuig/(ón) gCuntas Caipitil                        | -  |
| (Méadú) ar Infháiltais                                     | (299,285)  |
| Méadú ar Iníocaíochtaí                                     | 580,694  |
| <b>Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b> | <b>281,409</b>                                   |
| <b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochtaí</b>  |  |
|  | -  |
| <b>Méadú ar an Airgead sa Bhanc</b>                        | <b>281,409</b>                                   |
| Airgead sa Bhanc ag tús na tréimhse                        | -  |
| Airgead sa Bhanc ag deireadh na bliana                     | 281,409  |



**John Moran**  
Cathaoirleach



**John Coleman**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

30 Meitheamh 2020

## Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasáíochta agus na beartais chuntasaíochta suntasacha ar ghlac an Ghníomhaireacht leo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na tréimhse.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bhunaíodh an Ghníomhaireacht faoi Ordú na Gníomhaireachta Forbartha Talún (Bunú) 2018, I.R. Uimh. 352 de 2018, arna leasú ag Ordú na Gníomhaireachta Forbartha Talún (Leasú) 2018, I.R. Uimh 603 de 2018, leis an gceannoifig i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2. Tá sé mar phríomhfheidhm ag an nGníomhaireacht déileáil le forbairt talún agus maoinne, chun críocha tithíocht a sheachadadh agus forbairt agus athghiniúint fisiciúil, sóisialta agus geilleagrach níos leithne a bhaint amach.

Táthar ag súil go n-achtóidh an tOireachtas Bille na Gníomhaireachta Forbartha Talún le linn na bliana 2020, a chuirfidh an LDA ar bhonn reachtúil príomhúil, tá sé seo, áfach, lasmuigh de smacht an LDA.

#### b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

#### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i Euro arbh é airgeadra feidhme na Gníomhaireachta é. Áiríonn na suimeanna go léir CBL mar nach bhfuil an LDA i riocht in-aisghabhála CBL i láthair na huaire.

#### d) Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar go bhfuil an Bord sásta, tar éis na príomhrioscaí agus na héiginnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar an nGníomhaireacht a bhreithniú, go bhfuil sé de chumas na Gníomhaireachta leanúint sa ghnó le linn na tréimhse measúnaithe. Is ionann an tréimhse measúnaithe atá á úsáid ag an mBord agus an dá mhí dhéag ó dháta tuairiscithe na Ráitis Airgeadais sin.

#### e) Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais agus maoiniú a chuirtear ar fáil don Ghníomhaireacht trí Vóta na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear an t-ioncam ó dheontas ar bhonn fabhráithe sna Ráitis Airgeadais.

#### f) Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Cuimsíonn airgead tirim, airgead tirim ar láimh agus taisce prapéilimh.

#### g) Infháiltas

Déantar infháiltas a thomhas i dtús báire ar luach cóir agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus déantar é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann na méideanna go léir atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.



**h) Iníocaíochtaí**

Déantar creidiúnaithe trádála a thomhas ar phraghas sonrasc, mura gcuirtear íocaíocht siar níos faide ná na gnáththearmaí gnó nó mura bhfuil sé á maoiniú ar ráta úis nach ionann é agus ráta an mhargaidh. Sa chás seo cuimsíonn an socrú idirbheart airgeadais, agus déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar an luach láithreach íocaíochtaí amach anseo agus lascainiú déanta air ag ráta ús margaidh le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

**i) Airgeadra Eachtrach**

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go dtí an euro agus úsáid á baint as rátaí malairte ar an láthair ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanas airgeadais ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte ar an dáta tuairiscithe nó ag rátaí réamhchonarthaí ceannaigh sa chás go mbíonn conarthaí den sórt sin ann. Ní aistrítear arís míreanna neamhairgid arna dtomhas ag costas stairiúil go hairgeadra eachtrach. Aithnítear na difríochtaí malairte sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí loncaim Coimeádta sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn.

**j) Sochair Scoir**

Déantar foráil in Alt 7 (8) d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 352 de 2018 go ndéanfaidh an LDA soláthar d'aoisliúntas d'fhoireann na Gníomhaireachta. Déantar soláthar trí dhá scéim pinsin amhail an 31 Nollaig 2019 do theidlíochtaí pinsin fhostaithe na Gníomhaireachta:

- a) Scéim sochair sainithe a mhaoinítear ar bhonn íoc mar a thuillir. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin ag brath ar chead an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; nó
- b) Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair arbh ionann í agus scéim sochair sainithe do sheirbhísigh poiblí inphinsin a cheapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí scéime aonair na gcomhaltaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl aon ranníocaíochtaí fostóra ann.

Is comhaltaí sealadacha de na scéimeanna seirbhíse poiblí seo, iad fostaithe go léir na Gníomhaireachta, dá réir sin, níor tháinig aon mhuirear chun cinn sna Ráitis Airgeadais seo as aon dliteanas a d'fhéadfadh a theacht chun cinn maidir lena sochair scoir.

Tá sé i gceist go mbeidh a Scéim Sochair Sainithe féin ag an LDA, ag teacht le scéimeanna Leathstáit Tráchtála eile, nuair a bheidh Bille na Gníomhaireachta Forbartha Talún achtaithe. Ag an bpointe seo, fágfaidh an fhoireann go léir, le heisceacht féideartha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, na scéimeanna pinsin atá ann cheana féin agus aistroidh siad chuig scéim pinsin nua. Is féidir leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin glacadh le roghanna pinsin ar leithligh ar achtú Bille na Gníomhaireachta Forbartha Talún atá ag teacht leis na roghanna atá ar fáil do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i gComhlachtaí Stáit inchomparáide.

**k) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoina léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim Coimeádta thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne díri thar shaol an léasa.

**l) Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caipitil. Cuimsíonn caiteachas oibriúcháin, costais foirne, costais boird, cíos, táillí seirbhísí agus táillí gairmiúla. Cuimsíonn caiteachas de chineál caipitil caiteachas sonrach réadmhaoine go príomha.

## Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 2. Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Criticiúla

Éilítear, i bhfeidhmiú beartais chuntasaíochta na Gníomhaireachta, a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 1, ar an mBord breithiúnas, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh maidir le luach carraeireachta sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir go héasca ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana bunaithe ar thairbhí stairiúil agus ar thosca eile a bhreithnítear a bheith ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith difriúil óna meastacháin seo. Aithnítear leasuithe ar na meastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina leasaítear an meastachán mura mbíonn tionchar ag an leasú ar an tréimhse sin nó i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo má bhíonn tionchar ag an leasú ar thréimhsí reatha agus ar thréimhsí amach anseo.

Ní raibh aon bhreithiúnais ná meastacháin shuntasacha déanta ag an mBord sa tréimhse airgeadais reatha.

### 3. Deontais Oireachtais

|                             | <b>2018-2019</b><br>€ |
|-----------------------------|-----------------------|
| Deontas Pá LDA              | 893,627               |
| Deontas Neamhphá LDA        | 1,262,949             |
| Deontas Caipitil LDA        | 504,547               |
| Ioncam Deontais Fabhráithe* | 110,514               |
|                             | <b>2,771,637</b>      |

Tá an LDA á maoiniú ó Vóta na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Cuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil deontais stáit bliantúil ar fáil don Ghníomhaireacht chun tacú leis an obair atá idir lámha ag an nGníomhaireacht. Faigheann an Ghníomhaireacht maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar a leanas;

- Deontas Pá chun tacú le tuarastal na foirne go léir agus costais a bhaineann leis an nGníomhaireacht a íoc.
- Deontas Neamhphá chun tacú le costais oibríochta na Gníomhaireachta.
- Deontas Caipitil chun tacú le caiteachas a bhaineann go sonrach le maoin na Gníomhaireachta.

B'íonann agus €281,409 an méid a bhí fágtha den Deontas Pá amhail an 31 Nollaig 2019, agus ba nialas an iarmhéid maidir le Deontas Neamhphá agus Deontas Caipitil.

\*Baineann Deontas Fabhráithe le hioncam a bhí fabhráithe as costais a tabhaíodh agus nach raibh íochta an 31 Nollaig 2019. Íocadh na costais seo ina n-iomláine tar éis deireadh na bliana.

#### 4. Costais Foirne agus Faisnéis maidir le Fostaithe

|   | <b>2018-2019</b><br>€ |
|---|-----------------------|
| Pá agus Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC) | 640,010               |
| Oiliúint Foirne agus CPD                  | 6,809                 |
| Taisteal agus Cothabháil                  | 5,485                 |
| <b>Costas Iomlán Foirne</b>               | <b>652,304</b>        |

##### a) Líon Fostaithe

| Bhí an meánlíon fostaithe le linn na bliana déanta suas mar a leanas: | <b>2018-2019</b> |
|---|------------------|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin   | 1                |
| An Fhoireann Ardbhainistíochta  | 3                |
| Oibríochtaí   | 2                |
| <b>Iomlán</b>   | <b>6</b>         |

Chuir an Ghníomhaireacht tús le fostaithe a fhostú i lár na bliana 2019, roimhe seo, bhí fostaithe sannta ón NTMA.

##### b) Sochair maidir le Foirceannadh

Níor íocadh aon sochair maidir le foirceannadh le linn na bliana.

##### c) Sochair Gearrthéarmacha

Ní raibh aon sochair gearrthéarmacha ar nós ragobair nó liúntais i gceist le linn na bliana.

##### d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta san LDA, Comhaltaí Boird, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus triúr comhalta foirne Ardbhainistíochta. Chuimsigh luach iomlán na sochar fostaithe a íocadh leis an leis na Príomhphearsanra Bainistíochta don tréimhse, tuarastail le luach de €274,024.



## Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe (ar lean)

#### e) Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tá luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhliain 2019 mar a leanas:

|  | <b>2018-2019</b><br>€ |
|--|-----------------------|
| Buntuarastal bliantúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (pro rata) | 46,153                |

Ceapadh Príomhoifigigh Feidhmiúcháin ('CEO') ar bhonn eatramhach an 13 Meán Fómhair 2018 agus ar bhonn conradh seacht mbliana an 8 Deireadh Fómhair 2019 i ndiaidh próiseas earcaíochta iomaíoch oscailte. Ba fostaí de chuid Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('NTMA') a bhí sa Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin roimh an 8 Deireadh Fómhair 2019, agus tugadh ar iasacht é don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, chun críocha ról Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin an LDA a chomhlíonadh ar bhonn eatramhach. Chuir NTMA an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin ar fáil don LDA gan costas ar bith. Tugtar breac-chuntas i leith na hiasachta seo sna hidirbhearta páirtí gaolmhar (nóta 16).

Tá tuarastal bliantúil de €200,000 á fháil ag an bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Is ionann íocaíocht tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le linn na tréimhse a tháinig chun críche an 31 Nollaig 2019 agus íocaíochtaí tuarastail ó dháta an cheapacháin den 8 Deireadh Fómhair 2019. Ní bhfuair an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin aon íocaíochta a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil eile le linn na bliana, tá an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin i dteideal, áfach, úsáid gluaisteáin agus préimheanna árachais sláinte teaghlaigh a fháil de bhun téarmaí a chonradh fostaíochta. Tá teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag teacht le teidlíochtaí caighdeánacha i samhail scéim sochair shainithe aoisliúntais na hearnála poiblí agus iad siúd atá ag déanamh iarratas chuig Comhlachtaí Stáit inchomparáide eile.

### 5. Cíos agus Muirir Seirbhíse

|                  | <b>2018-2019</b><br>€ |
|------------------|-----------------------|
| Cíos             | 246,754               |
| Táillí Seirbhíse | 3,529                 |
|                  | 250,283               |

### 6. Riarachán Oifige

|  | <b>2018-2019</b><br>€ |
|--|-----------------------|
| Priontáil, Postas agus Páipéarachas      | 10,816                |
| Cothabháil agus Athchóiriú Oifige        | 9,911                 |
| Árachas                                  | 7,234                 |
| Teileafón                                | 3,542                 |
| Costais Ghinearálta                      | 2,345                 |
| Cruinnithe, Comhdhálacha agus Seimineáir | 1,034                 |
|  | 34,882                |

**7. Cumarsáid agus IT**

|                         | <b>2018-2019</b><br>€ |
|-------------------------|-----------------------|
| Cumarsáid agus na Meáin | 30,206                |
| Costais IT              | 62,580                |
|                         | <b>92,786</b>         |

**8. Táillí Gairmiúla**

|   | <b>2018-2019</b><br>€ |
|---|-----------------------|
| Táillí Comhairleacha maidir le Maoin          | 721,185               |
| Táillí Dí                                     | 389,591               |
| Comhairle Corparáideach                       | 350,550               |
| Seirbhísí Soláthair                           | 111,289               |
| Tacaíocht Earcaíochta agus Acmhainní Daonna   | 81,934                |
| Cuntasaíocht, Iniúchóireacht agus Táillí eile | 39,932                |
|   | <b>1,694,481</b>      |

**9. Costais an Bhoird**

|                  | <b>2018-2019</b><br>€ |
|------------------|-----------------------|
| Táillí Boird     | 44,221                |
| Cruinnithe Boird | 2,680                 |
|                  | <b>46,901</b>         |

**10. Sócmhainní Seasta**

Níor taifeadadh aon Sócmhainní Seasta le linn na tréimhse a chríochnaigh an 31 Nollaig 2019.

**11. Infháltais**

|                    | <b>31 Nollaig</b><br><b>2019</b><br>€ |
|--------------------|---------------------------------------|
| Réamhíocaíochtaí   | 185,540                               |
| Creidiúnaithe eile | 3,231                                 |
|                    | <b>188,771</b>                        |

Tá na hinfháltais go léir dlite laistigh d'aon bhliain amháin.

## Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 12. Iníocaíochtaí

|   | <b>31 Nollaig<br/>2019</b> |
|---|----------------------------|
|   | <b>€</b>                   |
| <b>Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin:</b> |                            |
| Creidiúnaithe Trádála                                 | 222,588                    |
| Fabhruithe  | 296,907                    |
| ÍMAT/ÁSPC   | 58,089                     |
| Pinsean   | 3,110                      |
|   | <b>580,694</b>             |

### 13. Luach Saothair d'Iniúcháireacht Inmheánach

Cheap an LDA Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla mar iniúcháirí reachtúla don LDA i Márta 2020. Bhí €18,450 fabhráithe ag an LDA (CBL san áireamh) do chostas measta iniúcháireacht reachtúil ar an LDA don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2019.

### 14. Tiomantais Léasa

Tá tiomantais ag an nGníomhaireacht maidir le léas ar chóiríocht oifige i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2.

Bhí na híocaíochtaí léasaithe íosta seo a leanas amach anseo ag an LDA amhail an 31 Nollaig 2019 faoi léasaithe nach féidir a chur ar ceal:

|                                 | <b>31 Nollaig<br/>2019</b> |
|---------------------------------|----------------------------|
|                                 | <b>€</b>                   |
| Iníochta laistigh 1 bhliain     | 287,122                    |
| Iníochta laistigh 2 – 5 bhliana | 1,148,488                  |
| Iníochta tar éis 5 bliana       | 1,435,610                  |
|                                 | <b>2,871,220</b>           |

### 15. Tiomantais Chaipitil

Tá tiomantais ag an nGníomhaireacht maidir le scéimeanna éagsúla pleanála agus deartha do thalamh poiblí atá le haistriú chuig an LDA nuair a dhéantar dlí de reachtaíocht phríomha na Gníomhaireachta. Ceapadh comhairleoirí gairmiúla ar chreataí tar éis próisis tairisceana oscailte maidir le soláthar faoi stiúir seirbhísí deartha, bainistíocht tionscadal agus seirbhísí comhairleacha maoinne, i measc seirbhísí riachtanacha eile.

Ar dháta an chláir comhardaithe, bhí socruithe éagsúla táillí ceadaithe ag an nGníomhaireacht le soláthróirí seirbhísí a bhaineann le tionscadail tithíochta a sheachadadh. Meastar na táillí a ceadáíodh amhail an 31 Nollaig 2019 ag €2,376,617, mar sin féin, níl an Gníomhaireacht faoi cheangal conartha leanúint ar aghaidh le seirbhísí gaolmhara suas chomh fada is go mbeidh siad tugtha chun críche.



## 16. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/Nochtadh Leasanna

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh ag an nGníomhaireacht, atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí agus ag foireann na Gníomhaireachta. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann a chinntíonn go gcomhlíontar an ceanglas seo de chuid an Chóid. Ní raibh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara ann le linn na bliana 2019.

Le linn na tréimhse ó bunaíodh an LDA go dtí mí Deireadh Fómhair 2019, fuarthas líon foirne bainistíochta ar iasacht ón NTMA chun bunú na Gníomhaireachta a éascú. Níor ghearr an NTMA aon aisíocaíochtaí maidir leis na hiasachtaí seo.

Le linn céim bhunaithe an LDA bhain an ghníomhaireacht úsáid as spás oifige le seirbhísí a bhí ar léas ó Oifig an Rialaitheora Pleanála ('OPR') chomh maith le húsáid a bhaint as saoráidí crua earraí IT a bhí san oifig. Faoi théarmaí Meabhrán Tuisceana ('MOU') idir an OPR agus LDA den 16 Aibreán 2019, d'aisíoc an LDA costas an spás oifige, páipéarachas agus seirbhís IT leis an OPR. Aisíocadh €186,666 don tréimhse ó Mheán Fómhair 2018 go 31 Iúil 2019 agus tá sé sin san áireamh san fhigiúr de €250,283 "sna muirir cíosa agus seirbhíse" sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeáda.

Ón 1 Lúnasa 2019 rinne an LDA comhaontú ligin sealadach leis an tiarna talún/soláthróir seirbhíse sa spás oifige le seirbhísí go dtí mí na Nollag 2019 tráth ar tugadh chun críche an léas don chóiríocht oifige sealadach do Theach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2.

De réir an Mheabhráin Tuisceana MOU idir an LDA agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an 'Roinn') chuir an Roinn seirbhísí íocaíochtaí ar fáil trína chuir an Roinn íocaíochtaí ar fáil thar ceann an LDA ar bhonn sealadach go dtí go mbeidh córas bainistíochta airgeadais i bhfeidhm ag an LDA. Rinneadh taifeadadh ar na híocaíochtaí mar dheontas don LDA. B'ionann agus €1,811,123 iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh sa tréimhse ó Mheán Fómhair 2018 go dtí an 31 Nollaig 2019.

I mí Aibreán na bliana 2019 chuaigh LDA i mbun MOU leis an nGníomhaireacht Tithíochta. Thabhaigh an Gníomhaireacht Tithíochta costais éagsúla thar ceann an LDA agus d'aisíoc an LDA na costais sin níos deireanaí. Chuaigh an LDA i mbun comhaontuithe le comhlachtaí Stáit éagsúla le fostaithe a chur ar fáil ar bhonn socrúchán iasachta. Le linn na tréimhse ó mhí Meán Fómhair 2018 go 31 Nollaig 2019 d'íoc an LDA suim iomlán de €120,037 maidir le haisíocaíochtaí costais agus iasachta leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus le comhlachtaí Stáit eile.

Tá Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta, John O'Connor, ina chomhalta Boird ar an LDA freisin.

## 17. Imeachtaí tar éis an Chláir Comhardaithe

D'ullmhaigh an Gníomhaireacht na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh. I láthair na huaire tá an Gníomhaireacht bunaithe mar chomhlacht reachtúil faoin Ordú. Cheadaigh an Rialtas an Scéim Ginearálta den Bhille don Gníomhaireacht Talún chun an LDA a bhunú mar chomhlacht stáit reachtúil ar bhonn reachtaíochta príomha, lena fhoilsíú, lena bhreithniú d'iniúchadh réamh-reachtaíochta agus do dhréachtú tosaíochta i mí Iúil 2019. Tá an t-iniúchadh réamh-reachtaíochta tugtha chun críche anois, agus tá tuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar Thithíocht, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil faighte ag an Roinn. Ar an dáta ar síníodh na cuntais seo ní raibh Bille na Gníomhaireachta Forbartha Talún curtha os comhair an Oireachtais.

Tá an ráig de Covid-19 faoi mhionatóireacht ag an nGníomhaireacht ar bhonn leanúnach agus tá clár riosca á chothabháil agus faoi athbheithniú ag an mBord. Chinntigh an Gníomhaireacht sláinte agus folláine na bhfostaithe trí chleachtais oibre sábháilte a chur ar fáil de réir treoirlínte an Rialtais. Tá an bhainistíocht ag leanúint ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag Covid-19 ar thionscadail chaipitiúla.

## **Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)**

### **18. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Ceadaíodh na Ráitis Airgeadais an 25 Meitheamh 2020.

## Faisnéis Ghinearálta

### Ceannoifig

An Ghníomhaireacht Forbartha Talún  
2ú hUrlár Teach Ashford  
Sráid na Teamhrach  
Baile Átha Cliath 2.  
D02 VX67

**T** 01 910 3400

**E** info@lda.ie

**W** www.lda.ie

### Bord

John Moran (Cathaoirleach Eatramhach)  
John Coleman (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)  
Clare Costello  
Caroline Timmons  
John O'Connor  
Michael Stone  
Michelle Norris  
Timothy Bouchier-Hayes  
Conn Murray

### Iníúcháir

Mazars  
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iníúcháireachta Reachtúla  
Ionad Fhearchair  
Bloc 3  
Bóthar Fhearchair  
Baile Átha Cliath.

### Dlíodóir

Arthur Cox  
10 Ardán Phort an Iarla  
Baile Átha Cliath 2.  
T02 T380

### Banc

AIB  
1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2.  
D02 X342



**Ghníomhaireacht Forbartha Talún**  
**Land Development Agency**

2ú hUrlár Teach Ashford  
Sráid na Teamhrach  
Baile Átha Cliath 2

**T** 01 910 3400  
**E** [info@lda.ie](mailto:info@lda.ie)  
**W** [www.lda.ie](http://www.lda.ie)